Meánscoil Sharman

POLASAÍ IOMPAIR

Luachanna na scoile agus an Polasaí Iompair:

Téann luachanna na scoile mar atá le feiscint san ethos go mór i bhfeidhm ar an gcineál iompair a lorgaítear sa scoil. Chun é seo a shoiléiriú tá cúig bun-phrionsabail ann a rialaíonn dearcadh na scoile i leith iompair.

1. Is í Gaeilge teanga na scoile agus labhrófar í an t-am ar fad ar scoil, thart timpeall na scoile, ar imeachtaí scoile agus déanfar iarracht í a spreagadh agus a láidriú an t-am ar fad.
2. Taispeánfar meas i gcónaí ar 'gach duine i gcomhluadar na scoile.
3. Déanfaidh gach ball de chomhluadar na scoile a d(h)ícheall an méid aire, cuidiú agus tacaíocht ar féidir leo a thabhairt do bhaill eile de chomhluadar na scoile.
4. Déanfaidh gach ball de chomhluadar na scoile iarracht a c(h)umas a bhaint amach agus a t(h)allana a úsáid.
5. Déanfar iarracht páirt a ghlacadh i saol iomlán na scoile.

Polasaithe eile bainteach leis an Polasaí Iompair

Bíonn baint ag na polasaithe eile seo leis an méid atá sa pholasaí seo:

- Polasaí Iontrála
- Polasaí Frith-Bhulaíochta
- Polasaí Gaeilge
- Polasaí ar Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte
- Polasaí ar Mhí-Úsáid Substaintí
- Polasaí ar Sláinte agus Sábháilteacht san Ionad Oibre

Treoirlínte Iompair

Tá an Scoil ag iarraidh atmaisféar a chruthú ina bhfuil meas ar ár dteanga agus ar ár gcultúr, ar an duine féin, ar an dtimpeallacht, ar an bpobal agus ar an gcreideamh. Chun an t-atmaisféar seo a láidriú, cuirfear béim ar iompair dearfach a mholadh in ionad pionós a ghearradh ar droch iompair. Seo an sórt iompair atá á lorg againn:

1. Meas i gcónaí ar gach duine i gcomhluadar na scoile.
2. Meas ar threalamh, ar fhoirgnimh agus ar thimpeallacht na scoile.
3. Meas ar mhaoin agus ar threalamh daoine eile i gcomhluadar na scoile.
4. Iarracht mhacánta i gcónaí i ngach rang agus ábhar.
5. Páirt a ghlacadh i saol iomlán na scoile.
6. Tinreamh agus poncúlacht.
7. Comhoibriú le chéile agus le húdaráis na scoile.
8. A bheith béasach, múinte agus cuidiúil i gcónaí.

Rialacha:

Cé go gclúdaíonn na treoirlínte thuas formhór na dtéamaí maidir le cód iompair, tá gá ann fós le roinnt rialacha.

1. Caithfidh tú do dhícheall a dhéanamh i gcónaí ar scoil agus le d'obair bhaile.
2. Caithfidh tú teacht ar scoil gach lá agus in am do na ranganna go léir
3. Caithfidh tú teacht ar scoil ullamh i gcónaí do na ranganna. Ciallaíonn sin go bhfuil pinn, leabhair agus cóipleabhair agat agus trealamh speisialta mar shampla éide spóirt (corpoideachas), trealamh ealaíne (Ealaín) comhábhair agus aprún bán (Eacnamaíocht Bhaile), cóta bán (ábhair eolaíochta)
4. **Don rang Corpoideachas tá léine bán polo, brístí dúghorm spóirt (*ní cheadaítear aon dath eile orthu ná leggings)* geansaí spóirt na scoile agus bróga spóirt. Is féidir brístí gearra a chaitheamh chomh fada is a bhíonn siad dúghorm agus fada síos go dtí na glúnta beagnach. Ní cheadaítear brístí an-ghearr ar fáth ar bith.**
5. Caithfidh tú meas a bheith agat i gcónaí ar na daltaí eile sa scoil.
6. Caithfidh tú meas a bheith agat, ar gach duine a bhíonn ag obair sa scoil agus treoracha na múinteoirí a leanúint i gcónaí ar scoil agus ag imeachtaí scoile.
7. Caithfidh tú teacht ar scoil san éide scoile ceart, glan agus néata. Ciallaíonn sin go gcaithfidh tú geansaí liath, léine bán, carbhat dearg, stocaí dubha liath, **bróga dubha leathair (níl cead bróga reatha nó canbháis a chaitheamh)**, sciorta na scoile, bríste liath agus seaicéad speisialta na scoile. Más maith leat scairf, hata nó láimhínní a chaitheamh, bídís dubh nó liath amháin. **Tógfar rudaí ar dathanna difriúla agus seaicéad mícheart uait agus gheobhaidh tú ar ais é nuair a thagann an tuismitheoir isteach chun é a bhailiú**
8. **Níl cead agat an scoil a fhágáil gan cead a fháil ar dtús ón bPríomhoide/ Leas Príomhoide nó an múinteoir atá i gceannas.** Má tá tú ag fágáil na scoile luath aon uair, síníonn tú leabhar taifeadadh san oifig. Tá cead agat an scoil a fhágáil luath má thugann tú nóta isteach ag míniú an fáth don mhúinteoir ranga**. Iarrann an scoil ar thuismitheoirí gan an dalta a thógáil amach luath i gcás práinne amháin.**
9. Má tá tú tinn ar scoil, nó i gcás práinne eile, agus má cheapann údarás na scoile gur cóir duit dul abhaile, rachaidh an scoil i dteagmháil le do thuismitheoirí. **Níl cead ag aon dalta dul i dteagmháil leis na tuismitheoirí faoi thinneas.**
10. Caithfidh tú dialann scoile Mheánscoil Gharman a bheith agat ó thús na scoilbliana ar aghaidh, é a choimeád go maith i gcónaí agus é a bheith leat i ngach rang, an obair bhaile go léir a scríobh ann, síniú do thuismitheora a fháil ann gach seachtain. Níl cead an dialann a úsáid le haghaidh aon ghnó eile. Má thagann múinteoir ar dhialann atá loite le graffiti, scríbhneoireacht mhí-oiriúnach nó má tá sí stróicthe beidh ar an dalta ceann nua a cheannach.
11. Caithfidh tú an taisceadán a úsáid i gceart. Ciallaíonn sin go gcoimeádann tú néata é agus go dtéann tú chuig an taisceadán roimh an 1ú rang ar maidin i rith na sosanna agus ag deireadh an lae **amháin.**
12. Má tá tú ag fágáil ranga chun dul ag obair le múinteoir eile, nó go dtí cleachtadh nó cluiche spóirt caithfidh tú cead a fháil óna múinteoirí a bheadh agat nuair a bheidh tú as láthair. Caithfidh tú an obair a dhéanamh don rang sin freisin.
13. Níl smideadh ceadaithe.
14. **Má tá tú ag cur dath i do ghruaig ,caithfidh an dath a bheith nádúrtha(níl cead dhá dath nó níos mó a úsáid.**
15. Tá cosc iomlán ar dhrugaí mídhleathacha, ar thabac, ar dheochanna mheisciúla, ar

shubstaintí baolacha a thógaint nó a bheith ag an dalta ag am ar bith ar scoil, nó ag imeachtaí scoile. Níl cead agat a bheith in éineacht le duine atá ag briseadh an riail sin ach oiread.

16. **Tá cosc iomlán ar fhóin chliste, gléasanna ceoil soghluaiste, cluichí leictreonacha, ceamara a bheith ag dalta aon am ar bith ar scoil nó ar shuíomh na scoile roimh nó tar éis am scoile, ar thurais scoile nó le linn imeachtaí scoile nó in áiteanna eile. Is féidir cluaisíní a úsáid sa seomra ranga amháin má thugann an múinteoir cead.** Is féidir le daltaí gnáth fón bunúsach a thógáil ar scoil má tá tuismitheoirí ag iarraidh go mbeadh fón ag an dalta agus ní thógfar é chomh fada is nach bhfeictear nó nach gcloistear é ar scoil
17. Tá cosc iomlán ar ghuma coganta mar go ndéanann sé damáiste do throscán na scoile.
18. Níl cead agat suíomh na scoile a fhágáil ag am ar bith nó ar fáth ar bith.
19. Má tá tú as láthair caithfidh do thuismitheoirí ríomhphost/téacs/glaoch a chur ar oifig na scoile chun é a mhíniú.

Duaiseanna agus Smachtbhannaí

Tabharfaidh an scoil aitheantas do dhaltaí agus ranganna a chomhlíonann na treoirlínte go sásúil sna bealaí seo a leanas:

- córas dearfach sa dialann
- scéim scoláire na bliana
- teastaisí (m.sh. teastas tinrimh, teastas poncúlacht srl)
- moladh agus aitheantas poiblí (m.sh. ag tionól, i nuachtlitir srl)

Is í aidhm na scoile daltaí a mholadh agus a ghríosadh chun a ndicheall a dhéanamh i gcónaí agus bímid ag súil le bheith dearfach in ionad a bheith diúltach i leith iompar na ndaltaí ach
Má sháraíonn dalta treoirlíne nó má bhriseann sé/sí riail, beidh orainn an córas seo a leanas a chur i bhfeidhm:

Scríobhfaidh an múinteoir nóta i ndialann an mhúinteora (córas na bpointí):

1.Má thagann tú chuig rang gan a bheith ullamh agus dá bharr sin ag cur isteach ar mhúineadh agus fhoghlaim mar shampla má thagann tú déanach chuig rang, gan obair bhaile,gan leabhair/iPad.

2.Má chuireann tú isteach ar rang sa chaoi go gceapann an múinteoir gur cóir nóta sa dialann a scríobh faoi mar shampla má tá tú drochbhéasach, má úsáideann tú drochtheanga.

3. Má bhíonn tú ag cogaint guma coganta nó má fheictear tú ag caitheamh bruscair timpeall na scoile.

4. Má bhaineann tú mí-úsáid as an ipad mar shampla cluichí a imirt , aip nach bhfuil ceadaithe a úsáid agus araile

Gheobhaidh tú bileog bhuí agus coinneáil siar ag am lóin

- I gcás drochiompair níos tromchúisí.
- Má shroiceann tú 30 pointe ar chóras na bpointí
- Má bhíonn tú ag labhairt Béarla.

Má thagtar an dhalta ag labhairt as Beárla níos mó ná trí huaire in aon bhliain amháin cuirfear fios ar na tuismitheoirí agus iarrfar orthu an dalta a thógáil abhaile láithreach. Pléifer an cas

ag cruinniú den Bhord Bainistíochta. Déanfaidh an Bord cinneadh faoi na smachtbhannaí sa chás seo agus d'fhéadfadh sé iarraidh ar an dalta agus na tuismitheoirí teacht os comhair an Bhoird chun áit an dhalta sa scoil a phlé.

Má bheirtear ar dhalta le fón cliste nó le gléasanna eile luaite i riail 16 ar shuíomh na scoil **i rith, roimh nó tar éis am scoile, ar thurais scoile (gan cead ón múinteoir) nó le linn imeachtaí scoile** tógfar an fón. Coimeádfar é in oifig an Phríomhoide. **Ní thabharfar ar ais é ach amháin don tuismitheoir ag deireadh an téarma.**

Má fhaigheann tú trí bhileog bhuí(3 choinneáil siar) buailfidh tú leis an gcoiste iompair. Tar éis an chomhrá Beidh an coiste ag moladh pionóis áirithe don Phríomhoide. D'fhéadfadh coinneáil siar. fionraí inmheánach, obair sa bhreis, fionraí, cosc ar imeachtaí seach-curaclam mar chuid de no pionóis.

Má fhaigheann tú an 4ú coinneáil siar rachaidh tú os comhair Choiste Smachta na Scoile**.**

Muna dtagann feabhas fós ar iompair an dalta nó: má tharlaíonn **eachtra tromchúiseach ina gcuirtear dalta(í), múinteoirí nó aon duine eile i gcomhluadar na scoile i gcontúirt**: má tharlaíonn eachtra ina dhéantar damáiste d'ainm na scoile; iompair ionsaitheach;, gnéaschiapadh; mí-úsáid; nó aon iompair tromchúiseach eile, cuirfear an dalta go dtí an príomhoide agus ag brath ar thromchúiseacht ar eachtra.
Fágfar faoin **múinteoir ranga i gcomhairle leis an bPríomhoide agus/nó an Príomhoide Tánaisteach c**inneadh a dhéanamh faoi thromchúis an drochiompair.

Níl cead ag dalta suíomh na scoile a fhágáil ag am ar bith nó ar fáth ar bith. Má fhágann dalta suíomh caifear leis mar eachtra tromchúiseach.

(i) Iarrfar ar thuismitheoir/caomhnóir an dalta bualadh leis an bpríomhoide chun an cás a phlé.

AGUS/NÓ

(ii) Fionraí inmheánach

NÓ

(iii) Fionraí sa bhaile ar feadh suas le trí lá

NÓ

(iv) An cás a thabhairt os comhair an Bhoird Bainistíochta. I gcásanna nach bhfuil réiteach eile oiriúnach, féadfar an dalta a dhíbirt ón scoil.

Nóta: Tá sé de cheart iarraidh ar an mBord Bainistíochta athbhreithniú a dhéanamh ar aon smachtbhanna agus i gcásanna ina gcuirtear dalta ar fionraí nó a dhíbirt ón scoil is féidir iarraidh ar an Roinn Oideachais agus Scileanna athchomharc a dhéanamh faoi Roinn 29 den Acht Oideachais. Caithfear é seo a lorg laistigh de 42 lá ón dáta a dhéantar an chinneadh.

MEÁNSCOIL GHARMAN – BEHAVIOUR POLICY

School Values and the Behaviour Policy:

The values of the school, as seen through its ethos, effect fundamentally the kind of conduct expected in the school. To clarify this, there are five basic principles that underpin the school's outlook in relation to conduct.

1. Irish is the language of the school and it is to be spoken at all times in the school, in the vicinity of the school, on school activities, while in school uniform and efforts will be made at all times to strengthen and inspire its use at all times.
2. All members of the school community will be treated with respect at all times.
3. Each member of the school community will try to give as much care, support and assistance as they can to others in the school community.
4. Each member of the school community will do their utmost to reach their potential and to utilise their talents.
5. Each individual will take part fully in the life of the school.

Other Policies and the Behaviour Policy:

The following Policies are linked to the Behaviour Policy:

- The Admissions Policy
- Anti-Bullying Policy
- Irish Language Policy
- SPHE Policy
- Substance- Abuse policy
- Health and Safety at Work Policy

Behaviour Guidelines:

The school wishes to operate in an atmosphere where there is respect for our language, our culture, for the individual, for the environment, for the community and for our religions. In order to strengthen this atmosphere, a behaviour policy which is positive, supportive and in which desired behaviour is valued and recognised will be instituted. Below is the kind of behaviour that we ask of students:

1. Respect for all in the school community.
2. Respect for the school's buildings, equipment and surroundings.
3. Respect for the personal property and equipment of others.
4. Make an honest effort in each class and subject.
5. Full participation in the life of the school.
6. Attendance and punctuality.
7. Cooperation with each other and with the school authorities at all times.
8. Mannerly and helpful at all times

Rules:
While the guidelines above cover most eventualities, some rules are nevertheless still required.

1. You must always do your best in school and at your homework
2. You must come to school each day and be on time for all of your classes
3. You must come to school ready for your classes – that means that you will have pens, books, copies and all special equipment, e.g. sports kit (P.E.), art equipment (Art), ingredients (Home Economics), white coat (Science subjects)
4. For PE class students must wear a white polo shirt, navy tracksuit bottoms (no leggings or sports trousers with other colours or stripes are permitted). Students may wear shorts for PE class but they must be navy and long down as far as the knee almost. No short shorts are permitted. They must be long and can only be worn for PE class or team sports.
5. You must always have respect for the other students at school.
6. You must always have respect for everyone who works in the school and follow the instructions of the teachers at school and at school events
7. You must come to school in the proper school uniform and be clean and neat. That means that you wear the grey school jumper, white shirt, red tie, dark grey socks or black tights, black shoes, school skirt, grey trousers and the specific school jacket. If you wish to wear hat, scarf or gloves, they must be grey or black **only**. Any other colours, or incorrect jacket will be confiscated and you will get them back when your parent comes to collect them.
8. **You must not leave school without the permission of the Principal, Vice-Principal or in their absence the teacher in charge**. If you need to leave school early, you will sign the record book in the office. **You may leave early <u>only</u> if you bring a note from a parent explaining the reason to the class teacher. <u>Parents are requested to only take students out early if absolutely necessary.</u>**
9. If you are sick, or if there is another emergency, and/or if the school authority feels it is necessary for you to go home, the school will contact your parents.
10. You must have the Meánscoil Gharman dialann from the start of each school year. You must keep your school dialann **in good condition** and have it with you in each class to write in all of your homework, have it signed by your parents each week. All absentee notes must be signed by a parent and shown to your class teacher and any teacher who so requests on your return to school **Your dialann may not be used for any other purpose. If a teacher comes across a dialann that is destroyed with graffiti, inappropriate comments or if it is in poor condition the student will be asked to purchase a new dialann.**
11. You must use your locker properly. This means that you keep it neat, and you go to it before the first class of the morning, during breaks and at the end of the day **only.**
12. If you need to leave class to work with another teacher or to go to sports practice or match, you must get permission from the teachers whose classes you will be missing and make sure that the work for that class is done.
13. Make-up is not allowed.
14. **If dying hair, natural colours only allowed(two or more colours not permitted)**
15. Illegal drugs, tobacco, alcohol or any dangerous substances must not be taken or be in possession of the students in school or at any school activities. This also means that you must not be in the company of anyone who is breaking this rule.
16. Smart phones, personal music players, earphones electronic games consoles and the like are completely prohibited in school or on the school grounds. Earphones may be used during class time if the teachers permits. Students may bring a basic mobile phone to school if the parents wish them to have a phone in order to contact them after school. This phone will not be taken from the students so long as they are not using them during school time.
17. Chewing gum is not allowed as it does a lot of damage to school furniture and is very difficult to remove.
18. Under no circumstances are students permitted to wander off the area designated as school property.

19. If a student is absent from school a parent must inform the school by email/text/phone call.

Rewards and Sanctions:

Students and classes that display desirable behaviour will be rewarded in the following ways:

- Award system in student journal
- student of the year scheme
- certificates (e.g. attendance certificate, punctuality certificate)
- public recognition (e.g. in assembly, newsletters etc)

It is our intention in Meánscoil Gharman to reward positive behaviour rather than punish bad behaviour whenever possible. However,

If a student undermines a basic behavioural guideline, we have no option but to apply the following procedures.

The teacher will write a note in the teacher's journal.

1.If you come to class unprepared thus disrupting teaching and learning ie if you arrive late for class, without homework,without books/iPad.
2. If you disrupt the class in such a way that the teacher deems it necessary to record it in his/her journal.: for exemple if you are disrespectful, if you use bad language...
3.If you are chewing gum or are found littering the school.
4. In the case of prohibited use of the ipad; for example playing games, downloading/using apps that are not allowed
5. If you are not wearing the correct school uniform/sports gear.

You will get a bileog bhuí and detention at lunch time

- In the case of serious misbehaviour
- If you speak English
- If you reach 30 points on the points system
- If you are late 3 times during the week or 6 times during any term or if there is a continuous pattern of lateness.

N.B. Any student who fails to attend detention will receive another yellow card.

If a student is found with a mobile phone or other deviced mentioned in rule 16 in the school building or grounds, on school trips or during school activities the phone/device will be confiscated and will only be returned to the parents at the end of the school term.

If you have 3 yellow cards(3 detentions) you will be required to meet with the restorative justice committee. Following the discussion with the student, the committee will recommend an appropriate sanction to the Principal. Those sanctions may include: detentions, internal suspensions, extra duties, suspension, exclusion from school tours or extra curicular activities.

If you get a fourth detention you will be asked to present yourself before a Discipline Committee.

It will be left up to the class teacher in consultation with the **Principal, Vice-Principal** to make a decision on the seriousness of the misdemeanour.

If the behaviour of the student does not improve or in the event of a serious incident occurring which **endangers a student, a teacher or another member of the school community**; an incident occurs which damages the school's reputation; aggressive behaviour; sexual harassment; abuse; any other serious misbehaviour: The student will be sent to the Principal and depending on the seriousness of the incident the Principal may decide to:

(i) Ask the parents/guardian of the student to meet the Principal to discuss the matter.

AND/OR

(ii) Internal suspension

OR

(iii) Suspension at home for up to 3 days

OR

(iv) Bring the matter to the Board of Management. In cases, where no other option is suitable the student may be expelled from the school.

Note: Any sanction may be appealed to the Board of Management. In cases where a student is excluded from school an appeal may be made to the Department of Education under Section 29 of the Education Act. This appeal must be made within 42 days of the decision to exclude.

MEÁNSCOIL GHARMAN

Polasaí Iompair

Tá an polasaí thuasluaite léite go cúramach againn agus táimid sásta glacadh leis.
(We have read the above policy in its entirety and we are happy to accept it).

Síniú an Dalta_____

Dáta_____

Síniú Tuismitheora_____

Dáta